An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. en)

EUCO 19/22

INST 50
CO EUR 17

**GNÍOMHARTHA DLÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH lena dtoghtar Uachtarán na Comhairle Eorpaí |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

**an …**

**lena dtoghtar Uachtarán na Comhairle Eorpaí**

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 15(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Iúil 2019, le Cinneadh (AE) 2019/1135 ón gComhairle Eorpach[1], toghadh Charles MICHEL ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 31 Bealtaine 2022.

(2) I gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, féadfar sealbhóir oifig Uachtarán na Comhairle Eorpaí a atoghadh uair amháin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE) 2019/1135 ón gComhairle Eorpach an 2 Iúil 2019 lena dtoghtar Uachtarán na Comhairle Eorpaí (IO L 179 I, 3.7.2019, lch. 1).

*Airteagal 1*

Atoghfar leis seo Charles MICHEL ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 30 Samhain 2024.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Ardrúnaí na Comhairle fógra faoin gCinneadh seo do Charles MICHEL.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle Eorpaí*
*An tUachtarán*